



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAS SHÓISEARAIGH, 2010

STAIR - GNÁTHLEIBÉAL

(NÁ cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

FOINSÍ

1. PICTIÚR

PICTIÚR A. 1



X

PICTIÚR A. 2



X

X

Y

[Thall

PICTIÚR B.



PICTIÚR C. 1



PICTIÚR C. 2



2. DOICIMÉID

DOICIMÉAD 1A

An tAth. James Browne ag scríobh faoin tiarna talún George Henry Moore i mí an Mheithimh 1849.

“Níor chuala mé riamh gur dhíshealbhaigh sé féin ná a ghníomhaire tionónta amháin. Ag tús an ghorta chuir sé anall as Londain, £1,000 do na bochtáin ar a chuid eastát, mar bhronntanas saor in aisce, chomh maith le horduithe a thabhairt dá mhaor bó bhainne a thabhairt do gach uile bhaintreach ar a chuid talún.”

Sliocht leasaithe as www.mayohistory.com/famine.htm

DOICIMÉAD 1B.

Tuairisc nuachtáin ar ghníomhaíochtaí Sir Robert Palmer, tiarna talún eile.

“Ag Oileán Éadaí tharraing an buíon a bhí ag Palmer cúpla teach anuas agus thiomáin siad amach na daoine mí-ámharacha a bhí ina gcónaí iontu ionas go raibh orthu codladh sna páirceanna in aice láimhe. An lá dár gcionn chonaiceamar na créatúir bhochta ag iarraidh adhmaid na dtithe a thochailt amach, sa chaoi go bhféadfaidís botháin de chineál éigin a thógáil chun foscadh a thabhairt dá gcuid páistí ón mbáisteach throm a bhí ag titim ag an am. Tá an stoirm ag lascadh ó shin gan trua gan taise agus má tháinig siad slán ón doineann caithfidh sé nach daoine daonna in aon chor iad.

Sliocht leasaithe as www.mayohistory.com/famine.htm

DOICIMÉAD 2.

“Tháinig fear a raibh filleadh beag á chaitheamh aige chuig cuntar na hoifige lá amháin maidir le hearraí a bhí ar iarraidh de réir cosúlachta, ach dhiúltaigh sé Béarla a labhairt. Tháinig Cremin ar ais ón gcuntar, é dearg san éadan agus chuaigh sé chun cainte leis an saoste a bhí agam. Gan dabht, cleas magaidh míchaoithiúil a bhí anseo agus amach leis an saoste go tapa..... agus an chuma air nach fear é a chuirfeadh suas le mórán seafóide ag am ar bith.

Ach ní cleas magaidh ar bith a bhí ann. Labhródh an cuairteoir Fraincis dá mba ghá ach ba í an Ghaeilge a rogha agus ní raibh focal Fraincise ná Gaeilge ag aon duine san oifig ach agam féin. Bhí cúrsaí trína chéile ar feadh cúpla nóiméad fad agus a bhí na cléirigh ag déanamh plé maidir le céard a bhí le déanamh. “Ceart go leor, Native,” a dúradh liom, “B’fhearr duit a fháil amach cad atá uaidh.”

Dar ndóigh, Sasanach a bhí sa strainséir, mac le heaspag Anglacánach, a bhí ag baint taitnimh as an náire a bhí á chur aige ar dhaoine i stáisiún traenach in Éirinn trí Ghaeilge a labhairt, nuair nach raibh in ann é a fhreagairt ach buachaill teachtaireachta. Agus go deimhin níorbh é sin deireadh an scéil, mar bhí ar an Sasanach a iarratas a chur isteach, agus é a chur i nGaeilge agus bhí ormsa é a aistriú go Béarla agus chinn na cléirigh a sásamh féin a bhaint de trí iallach a chur ormsa an freagra oifigiúil a aistriú go Gaeilge freisin.

Sliocht leasaithe as Frank O’Connor, *An Only Child* (Pan Books Ltd., Londain 1961), lgh. 138-139.

Leathanach Bán